

# Ráitis Airgeadais 2014

Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Faisnéis faoin Údarás | 2 |
| An Ráiteas ar Fhreagrachtaí | 3 |
| Ráiteas an Chathaoirligh ar Rialú Inmheánach Airgeadais | 4 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 6 |
| An Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta | 8 |
| An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 11 |
| Ráiteas na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta Iomlán | 12 |
| An Clár Comhardaithe | 13 |
| An Ráiteas ar Shreabhadh Airgid | 14 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 15 |

# Faisnéis faoin Údarás

| | |
|---|---|
| Comhaltaí Boird | An tUasal John Fitzgerald (Athcheaptha an 1 Nollaig 2014) (Cathaoirleach) |
| | An tUasal Anne Graham (Ceaptha an 16 Nollaig 2014) (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin) |
| | An tUasal Gerry Murphy (Chuaigh ar scor an 14 Nollaig 2014) (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin) |
| | An tUasal Linda Saunders (Athcheaptha an 1 Nollaig 2014) |
| | An Dr Berna Frist (Athcheaptha an 1 Nollaig 2014) |
| | An tUasal Frank King (D'éag a théarma ceapacháin an 30 Samhain 2014) |
| | An tUasal Damian Usher (D'éag a théarma ceapacháin an 30 Samhain 2014) |
| | An tUasal Valerie O'Reilly |
| | An tUasal Margaret O'Shaughnessy (D'éag a téarma ceapacháin an 30 Samhain 2014) |
| | An tUasal Jim Deegan (D'éag a théarma ceapacháin an 30 Samhain 2014) |
| | An tUasal Hugh Creegan |
| | An tUasal Daithí Alcorn (D'éag a théarma ceapacháin an 30 Samhain 2014) |
| | An tUasal Owen Keagan |
| Aturnaetha | Aturnaetha McCann Fitzgerald<br>Riverside One<br>Cé Sir John Rogerson<br>Baile Átha Cliath 2 |
| Baincéirí | Bainc-Aontas Éireann, p.l.c<br>1/4 Sráid Bhagóid Íochtarach, Baile Átha Cliath 2 |
| Iniúchóirí | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>Bloc an Chisteáin<br>Caisleán Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2 |

# An Ráiteas ar Fhreagrachtaí

*don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014*

Faoi théarmaí an Achta um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008 (arna leasú ag an Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009), tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair freagrach as ráitis airgeadais a ullmhú don bhliain go dtí an 31 Nollaig 2014 d'fhonn léargas fírinneach cóir a thabhairt ar staid cúrsaí amhail an 31 Nollaig 2014 agus ar an ioncam agus caiteachas don bhliain dar críoch sin.

Agus na ráitis airgeadais siúd á réiteach, ceanglaítear ar an Údarás:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ina dhiaidh sin;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- a lua cibé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin infheidhme chuntasaíochta, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais;
- na ráitis airgeadais a réiteach ar bhonn gnóthas leantach, mura cuí a mheas go leanfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair i mbun feidhme.

Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair freagrach as leabhair chuí chuntais a choimeád, ina nochtar le cruinneas réasúnta, staid airgeadais an Údaráis, ag aon tráth, agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 32 den Acht um Údarás Náisiúnta Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008. Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair freagrach, chomh maith, as a gcuid sócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a bhrath nó a chosc.

An tUasal John Fitzgerald
Cathaoirleach

Dáta: An 30 Meitheamh 2015

An tUasal Anne Graham
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: An 30 Meitheamh 2015

# Ráiteas an Chathaoirligh ar Rialú Inmheánach Airgeadais

*don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014*

De réir mar a cheanglaítear sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, thar ceann Bhord an Údaráis Náisiúnta Iompair, déanaim an ráiteas seo a leanas agus mé i mo Chathaoirleach:

Sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014, bhí comhaltaí Bhord an Údaráis Náisiúnta Iompair freagrach as a chinntiú go ndearnadh córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a chur i bhfeidhm. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, seachas iomlán a thabhairt gur gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta go cuí agus go gcuirtear iad i dtaifead i gceart, agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad go tráthúil.

## Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Rinne Bord an Údaráis Náisiúnta Iompair roinnt beart chun a chinntiú gurb ann do thimpeallacht chuí rialaithe trí thabhairt faoi na nithe seo a leanas:

- cúraimí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú; agus
- gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreatlach faisnéis rialta bhainistíochta agus nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmligin agus freagrachta. Go háirithe san áireamh tá:

- córas cuimsitheach buiséadaithe ag a bhfuil buiséad bliantúil a ndéanann an Bord comhaontú agus athbhreithniú air;
- athbhreithnithe rialta ag an mBord ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a thugann feidhmíocht airgeadais le fios;
- spriocanna a leagan síos chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas;
- treoirlínte rialaithe sainmhínithe go soiléir faoi infheistíocht chaipitil;
- disciplíní foirmiúla um bainistiú tionscadal.

Tá ag an Údarás Náisiúnta Iompair feidhm Iniúchta Inmheánaigh a oibríonn i gcomhréir leis an gCreatchód Dea-Chleachtais atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Cuireann anailís ar an riosca a bhfuil an comhlacht nochta dó faisnéis ar fáil d'obair an Iniúchta Inmheánaigh. Cuirtear na pleananna iniúchta inmheánaigh i dtoll a chéile chun na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. Déanann an Coiste Iniúchta anailís ar riosca agus

na pleananna iniúchta inmheánaigh a fhormhuiniú agus déanann Bord an Údaráis Náisiúnta Iompair iad a fhaomhadh.

Cuireann obair an iniúchta inmheánaigh faisnéis ar fáil do mhonatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar an éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais. Déanann an Coiste Iniúchta monatóireacht ar obair an iniúchta inmheánaigh agus lucht bainistíochta an Údaráis Náisiúnta Iompair ag a bhfuil freagracht as an gcreatlach rialaithe airgeadais agus bainistíocht córas agus slándáil sonraí. Ina theannta sin, déanann an Coiste Iniúchta athbhreithniú agus breithniú ar thuarascálacha iniúchta agus ar mholtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

## Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Dearbhaím, don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014, gur thug an Bord faoi athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais Rialuithe Inmheánacha Airgeadais.

**Sínithe thar ceann an Údaráis Náisiúnta Iompair**

An tUasal John Fitzgerald
Cathaoirleach

Dáta: An 30 Meitheamh 2015

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Údarás Náisiúnta Iompair

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis Náisiúnta Iompair don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2014 faoin Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008, arna leasú. Áirítear sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta a leagtar amach iontu, an ráiteas ar bheartais chuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, ráiteas na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta iomlán, an clár comhardaithe, an ráiteas ar shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm a forordaíodh faoi alt 32 den Acht agus i gcomhréir le cleachtas cuntasaíochta lena bhfuil glacadh ginearálta in Éirinn.

## Freagrachtaí an Údaráis

Tá an tÚdarás freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, lena chinntiú go dtugtar léiriú fíor agus cóir ar staid ghnóthaí an Údaráis agus ar a n-ioncam agus caiteachas, agus le rialtacht idirbheartaíochtaí a chinntiú.

## Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

Táimse freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisciú a dhéanamh orthu de réir an dlí infheidhme.

Tugaimse faoi m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na breithniúcháin speisialta lena mbaineann comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena n-oibriú.

Tugaimse faoi m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an RA agus Éire) mar aon le Caighdeáin Eitice an Bhoird Chleachtais Iniúchóireachta d'Iniúchóirí a chomhlíonadh.

## Scóip iniúchadh na ráiteas airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil faoi shuimeanna agus nochtadh sna ráitis airgeadais, ar leor iad lena chinntiú go réasúnta nach ann d'aon mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid is cúis leis. Áirítear leis seo measúnú ar an méid a leanas:

- cibé acu an cuí nach cuí do na beartais chuntasaíochta do chúinsí an Údaráis, agus cibé acu ar cuireadh nó nár cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus cibé acu ar nochtadh nó nár nochtadh iad go cuí
- réasúntacht na mórmheastachán cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Ina theannta sin, tugaim faoi fhianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcúrsa an iniúchta.

Sa mhullach air sin, déanaim tuarascáil bhliantúil an Údaráis a léamh le haon mhíréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais ar a ndearnadh iniúchadh a shainaithint. Déanaim breithniú ar na himpleachtaí dár dtuarascáil má thugaim faoi deara aon mhíráiteas nó aon neamh-chomhsheasmhacht ábhartha.

## Tuairim faoi na ráitis airgeadais

I mo thuairim, tugtar seasamh fíor agus cóir ar staid ghnóthaí an Údaráis amhail an 31 Nollaig 2014 agus ar a gcuid ioncaim agus caiteachais le haghaidh na bliana dar críoch na tréimhse sin sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh i gceart de réir an chleachtais chuntasaíochta lena bhfuil glacadh ginearálta in Éirinn.

Is í mo thuairim gur choimeád an tÚdarás leabhair chuí chuntasaíochta. Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair chuntais.

## Ábhair ar a dtuairiscím trí eisceacht

Déanaim tuairisciú trí eisceacht sna cásanna a leanas:

- mura bhfuair mé an uile fhaisnéis agus mhíniúchán a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- thug mé aon chás ábhartha faoi deara i m'iniúchadh nár caitheadh airgead chun a gcríoch beartaithe nó sa chás nach raibh na hidirbheartaíochtaí i gcomhréir leis na húdaráis a bhí á rialú, nó
- níl an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil bhliantúil an Údaráis comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais ghaolmhara, nó
- ní léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais comhlíonadh an Údaráis an Chóid Iompair le haghaidh Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- tugaim faoi deara gurb ann d'ábhair eile lena mbaineann an bealach a tugadh faoi ghnó poiblí.

## Caiteachas neamhéifeachtach

Tugaim chun airde Nóta 19 leis na ráitis airgeadais ina nochtar gur thabhaigh an tÚdarás caiteachas carnach neamhéifeachtach de shuim €0.135 milliún ar chíos agus costais ghaolmhara a bhain le spás oifige, atá á fholigean ag an Údarás ó Iúil 2013 i leith.

Seamus McCarthy
tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Dáta: An 30 Meitheamh 2015

# An Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

*don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014*

## Bonn an Réitigh

Réitíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhraithe, ach amháin mar a léirítear thíos, de réir prionsabal a bhfuil glacadh ginearálta leo faoi na Caighdeáin um Thuairisciú Airgeadais arna moladh ag na comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta. Tá na Ráitis Airgeadais san fhormáid a d'fhaomh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le toiliú an Aire Caiteachais Airgeadais.

## Ioncam ó Dheontais an Oireachtais

Cuimsíonn deontais an Oireachtais suimeanna arna n-íoc ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt i gcomhair riaracháin agus atá infhaighte le haghaidh Deontais Bainistíochta Tráchta (TMG), Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí, Tosaíocht Réigiúnach do Bhusanna, Inrochtaineacht, Iompar Tuaithe, Scoileanna Glasa, Taisteal Níos Cliste agus Infheistíocht Chaipitil agus suimeanna a fuarthas ón Roinn Coimirce Sóisialaí maidir le saorthaisteal don chlár Iompair Thuaithe. Iarchuirtear an t-ioncam deontais a fhaightear faoi choinne caiteachas caipitiúil ar shócmhainní seasta inláimhsithe chuig an gCuntas Caipitil agus scaoiltear é chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais thar shaolré eacnamaíoch fhónta ionchais na sócmhainní gaolmhara, de réir dímheasa arna mhuirearú ar na sócmhainní.

| **Saghas Dheontas an Oireachtais** | **Modh Fabhraithe** |
|---|---|
| Deontas Reatha - Fotheideal B9.3 | Bonn Fáltas |
| Deontais Chaipitil - Fotheideal B8 | Bonn Fáltas |
| Deontais Chaipitil Inmheánacha - Fotheideal B8 | Bonn Fabhraithe |
| Oibleagáid Seirbhíse Poiblí - Fotheideal B7 | Bonn Fáltas |
| Deontais na Scéime Inrochtaineachta - Fotheideal B8 | Bonn Fáltas |
| Deontais na Scéime Inrochtaineachta Inmheánaí - Fotheideal B8 | Bonn Fabhraithe |
| Deontais Chathracha Réigiúnacha - Fotheideal B8 | Bonn Fáltas |
| Deontais Iompair Thuaithe - Fotheideal B7.2 | Bonn Fáltas |
| Deontais Iompair Thuaithe Inmheánaigh - Fotheideal B7.2 | Bonn Fabhraithe |
| Deontas Taisteal Níos Cliste - Fotheideal B6 | Bonn Fabhraithe |
| Deontas na Scoileanna Glasa - Fotheideal B7.3 | Bonn Fáltas |
| Deontais na Scéime Réigiúnaí Rothar - Fotheideal B8 | Bonn Fabhraithe |

Cuirtear caiteachas deontais ar thionscadail inmheánacha i dtaifead ar bhonn dliteanas aibithe. Cuirtear ioncam deontais le haghaidh tionscadail inmheánacha i dtaifead ar bhonn fabhraithe d'fhonn ioncam deontais agus caiteachas deontais a mheaitseáil sna ráitis airgeadais.

## Caiteachas Deontais le haghaidh Oibleagáid Seirbhíse Poiblí agus Infheistíocht Chaipitil

Aithnítear caiteachas sa bhliain ar bhonn na suimeanna a eisíoctar le deontaithe.

## Ioncam ó Cheadúnú

Baineann sé seo le hioncam a chruthaítear ó ghníomhaíochtaí ceadúnaithe agus forfheidhmithe maidir le rialáil tacsaithe agus le hioncam ó cheadúnú busanna tráchtála.

## Ioncam ón Scéim um Thicéadú Comhtháite

Tagann ioncam ón Scéim um Thicéadú Comhtháite chun cinn de bharr athmhuirearú na gcostas oibriúcháin ar rannpháirtithe sa Scéim um Thicéadú Comhtháite.

## Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímheas

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ar a gcostas nó ar a luacháil stairiúil, lúide dímheas carnach. Gearrtar dímheas ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn líne dhíreach, ar na rátaí a leagtar amach thíos, a ríomhtar d'fhonn na sócmhainní a dhíscríobh, atá coigeartaithe ar mhaithe le luach iarmharach, thar a saolré ionchasach úsáide. Gearrtar dímheas do bhliain iomlán ar shuimiú an uile shócmhainn sheasta inláimhsithe i mbliain na héadála:

| | |
|---|---|
| Léasacht | 5% Líne dhíreach |
| Mótarfheithiclí | 20% Líne dhíreach |
| Samhail tráchta | 10% Líne dhíreach |
| Daingneáin agus feistis | 10% Líne dhíreach |
| Trealamh ríomhaire | 25% Líne dhíreach |
| Trealamh an Deontais Bhainistíochta Tráchta | 25% Líne dhíreach |
| Scéim Réigiúnach na Rothar | 20% Líne dhíreach |
| An Scéim um Thicéadú Comhtháite | 10% Líne dhíreach ar bhogearraí agus 25% Líne dhíreach ar chrua-earraí |

Déantar dímheas ar an tSamhail tráchta de réir a costais bhunaidh mar aon le haon bhreiseanna, thar a saolré fhónta ionchais. Léiríonn breiseanna sa bhliain costas tuarastail an phearsanra atá tiomnaithe d'fhorbairt na samhla. Ghlac Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath ceannas ar an tSamhail tráchta, arna forbairt ag Tionscnamh Iompair Bhaile Átha Cliath, an 9 Samhain 1995 de réir luacháil athsholáthair €1,777,633 agus cuireadh seo san áireamh mar shócmhainn sna ráitis airgeadais.

In 2013, ghlac an Bord le beartas chun sócmhainní a chaipitliú sa chás gur sháraigh costas na sócmhainne €1,000. Roimhe seo, rinne an Bord caipitliú ar an caiteachas go léir agus níor cuireadh aon tairseach i bhfeidhm. Mar thoradh air sin, áirítear le ráitis airgeadais 2014 díscríobh €8,296 (2013: €35,035) maidir le sócmhainní a

caipitlíodh roimhe seo nuair b'ionann costas bunaidh na sócmhainne agus níos lú ná €1,000. Ní mheasann an Bord gurb ionann seo agus coigeartú ábhartha agus mar thoradh air sin, ní dhearna siad figiúirí don bhliain seo caite a athrú.

## Pinsin - Scéim Socair Shainithe

Oibríonn an tÚdarás Náisiúnta Iompair scéim shochair shainithe neamhchistithe. Déantar cistiú uirthi go bliantúil ar bhonn íoctar mar a úsáidtear ó airgead a chuireann an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar fáil. Feidhmítear an scéim ar bhonn riaracháin, faoi mar a cheadaíonn an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ar feitheamh fhormheas na scéime ag an dá Aire.

Déantar dliteanais na scéime pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach agus leas á bhaint as Modh na nAonad Réamh-Mheasta Creidmheasa.

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a thuill fostaithe sa bhliain. Tarchuirtear ranníocaíochtaí pinsin fostaithe chuig an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Aithnítear suim arb ionann í agus an muirear pinsin mar ioncam sa mhéid agus go bhfuil sí inghnóthaithe agus seach-churtha ag deontais arna bhfáil sa bhliain d'fhonn íocaíochtaí pinsin a dhíscaoileadh.

Aithnítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha ó athruithe ar thoimhdí Achtúireacha agus ó bharrachais agus easnaimh ó thaithí i Ráiteas na nGnóthachain agus na gCaillteanas Aitheanta Iomlán don bhliain ina dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa tsuim atá inghnóthaithe ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Léiríonn dliteanais phinsin luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin amach anseo a thuill an fhoireann go dtí seo. Léiríonn cistiú iarchurtha pinsin an tsócmhainn chomhfhreagrach a bheidh le haisghabháil sna tréimhsí amach anseo ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

## An Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil luach neamhamúchta an ioncaim a úsáidtear chun críocha caipitiúla.

Faightear cistiú i leith sócmhainní seasta ó ioncam deontais agus aistrítear é chuig an gcuntas caipitil agus déantar é a amúchadh ar aon dul le dímheas.

## Airgeadra

Is é an Euro an t-aonad airgeadra ina bhfuil na ráitis airgeadais ainmnithe.

# An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

*don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014*

| **Ioncam** | *Nótaí* | **2014 €'000** | **2013 €'000** |
|---|---|---|---|
| Deontais an Oireachtais | **1** | | |
| › Cistiú Infheistíocht Caipitil | **1.1** | **230,583** | 146,342 |
| › Cistiú na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO) | **1.2** | **212,214** | 226,516 |
| › Scéimeanna iompair eile | **1.3** | **39,240** | 24,298 |
| › Riarachán | | **5,292** | 4,990 |
| Ioncam ó cheadúnú | **2** | **5,132** | 4,873 |
| Táillí rannpháirtithe na Scéime um Thicéadú Comhtháite | **3** | **5,745** | 5,246 |
| Glanchistiú iarchurtha le haghaidh pinsean | **12.2** | **964** | 1,158 |
| Ioncam eile | **4** | **265** | 248 |
| | | **499,435** | 413,671 |
| Aistriú (chuig) / ón gCúlchiste Caipitil | **16** | **(751)** | 1,779 |
| **Ioncam Iomlán** | | **498,684** | 415,450 |
| | | | |
| **Caiteachas** | | | |
| Caiteachas infheistíochta caipitil | **5** | **227,331** | 142,417 |
| Caiteachas na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO) | **6** | **212,216** | 226,526 |
| Caiteachas eile a bhaineann le deontas | **7** | **35,928** | 24,298 |
| Caiteachas ceadúnaithe | **8** | **4,879** | 3,592 |
| Caiteachas an Chórais um Thicéadú Comhtháite | **3** | **11,803** | 10,868 |
| Costais foirne | **9** | **4,446** | 5,413 |
| Costais phinsin | **12** | **1,422** | 1,158 |
| Costais chóiríocht oifige | **10** | **534** | 897 |
| Costais riaracháin eile | **11** | **1,556** | 1,458 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **500,115** | 416,627 |
| **Easnamh don bhliain** | | **(1,431)** | (1,177) |

Cruthaíonn an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 25 cuid de na Ráitis Airgeadais seo

An tUasal John Fitzgerald
Cathaoirleach

Dáta: An 30 Meitheamh 2015

An tUasal Anne Graham
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: An 30 Meitheamh 2015

# Ráiteas na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta Iomlán

*don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014*

| | Nótaí | 2014 €'000 | 2013 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Easnamh don bhliain** | | **(1,431)** | (1,177) |
| **Gnóthachain/(caillteanais) achtúireacha** | | | |
| Caillteanais ó thaithí ar dhliteanais na scéime pinsin | **12.3** | **(87)** | (5,306) |
| Athruithe ar thoimhdí faoi luach reatha dhliteanais na scéime pinsin | **12.3** | **(2,091)** | - |
| Caillteanas achtúireach ar dhliteanais phinsin | **12.1** | **(2,178)** | (5,306) |
| Coigeartú an chistithe iarchurtha pinsin | | **2,178** | 5,306 |
| **Easnamh aitheanta iomlán don bhliain** | | **(1,431)** | (1,177) |

Cruthaíonn an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 25 cuid de na Ráitis Airgeadais seo.

An tUasal John Fitzgerald
Cathaoirleach

Dáta: An 30 Meitheamh 2015

An tUasal Anne Graham
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: An 30 Meitheamh 2015

# An Clár Comhardaithe

*amhail an 31 Nollaig 2014*

| | Nótaí | 2014 €'000 | 2013 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Costais inláimhsithe | **13** | **40,421** | 39,670 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Féichiúnaithe | **14** | **3,168** | 1,856 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | **23,505** | 20,418 |
| | | **26,673** | 22,274 |
| **Creidiúnaithe: suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin** | **15** | **(13,759)** | (7,930) |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **12,914** | 14,344 |
| **Sócmhainní Iomlána Lúide Dliteanais roimh Phinsin** | | **53,335** | 54,014 |
| Dliteanais phinsin | **12.1** | **(15,474)** | (12,332) |
| Cistiú Iarchurtha pinsin | **12.2** | **15,474** | 12,332 |
| **Glansócmhainní** | | **53,335** | 54,014 |
| **Maoinithe ag:** | | | |
| Cúlchiste Caipitil | **16** | **40,421** | 39,670 |
| An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | **17** | **12,914** | 14,344 |
| | | **53,335** | 54,014 |

Cruthaíonn an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 25 cuid de na Ráitis Airgeadais seo.

An tUasal John Fitzgerald
Cathaoirleach

Dáta: An 30 Meitheamh 2015

An tUasal Anne Graham
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: An 30 Meitheamh 2015

# An Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

*don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014*

| | Nótaí | 2014 €'000 | 2013 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Réiteach an easnaimh oibriúcháin go dtí glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Easnamh oibriúcháin | | **(1,431)** | (1,177) |
| Aistrithe an chúlchiste caipitil - sócmhainní seasta inláimhsithe | **16** | **751** | (1,779) |
| Dímheas sócmhainní seasta inláimhsithe | **13** | **7,307** | 5,898 |
| Caillteanas ar choigeartú sócmhainní seasta inláimhsithe | **13** | **8** | 36 |
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe | | **(3)** | - |
| (Méadú)/laghdú ar fhéichiúnaithe | | **(1,311)** | 10 |
| Méadú ar chreidiúnaithe | | **5,830** | 839 |
| Ús a fuarthas | **4** | **(92)** | (182) |
| **Glan-insreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **11,059** | 3,645 |
| **An Ráiteas ar Shreabhadh Airgid** | | | |
| **Glan-insreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **11,059** | 3,645 |
| Caiteachas caipitil chun sócmhainní inláimhsithe a fháil | **21** | **(8,067)** | (4,154) |
| Ús a fuarthas | | **92** | 182 |
| Fáltas ó dhiúscairt sócmhainní seasta | | **3** | - |
| **Méadú/(laghdú) ar airgead sa bhliain** | | **3,087** | (327) |
| **Réiteach an ghlansreafa airgid do ghluaiseacht sna glanchistí** | | | |
| Méadú/(laghdú) ar airgead sa bhliain | | **3,087** | (327) |
| Glanchistí amhail an 1 Eanáir | | **20,418** | 20,745 |
| **Glanchistí amhail an 31 Nollaig** | **22** | **23,505** | 20,418 |

Cruthaíonn an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 25 cuid de na Ráitis Airgeadais seo.

An tUasal John Fitzgerald
Cathaoirleach

Dáta: An 30 Meitheamh 2015

An tUasal Anne Graham
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: An 30 Meitheamh 2015

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

*don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014*

## 1. Oireachtas Grants

Fuarthas/bhí deontais €485.83 milliún infhaighte in 2014 ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus fuarthas €1.5 milliún in 2014 ón Roinn Coimirce Sóisialaí. Leagtar amach foinse an chistithe i Nótaí 1.1 go 1.3 leis na ráitis airgeadais. Fuarthas deontais riaracháin €5.29 milliún ó fhotheideal B9.3.

## 1.1 Deontais an Oireachtais - Cistiú Infheistíochta Caipitil

| | 2014<br>€'000 | 2013<br>€'000 |
|---|---|---|
| Iarnród Éireann | **49,303** | 33,840 |
| An Deontas Bainistíochta Tráchta | **39,377** | 37,597 |
| An Ghníomhaireacht um Fháil Iarnróid | **43,595** | 23,550 |
| An Scéim um Thicéadú Comhtháite | **3,279** | 3,927 |
| Bus Átha Cliath | **59,265** | 36,270 |
| Bus Éireann | **28,466** | 2,724 |
| Cistiú oifige Iompar 21 de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | **-** | 43 |
| Droichead Shráid Mhaoilbhríde | **4,307** | 5,465 |
| Tacaíocht Theicniúil | **2,991** | 2,926 |
| | **230,583** | 146,342 |

Tarraingítear infheistíocht caipitil anuas faoi fhotheideal B8 Clár Infheistíochta Iompair Phoiblí.

## 1.2. Deontais an Oireachtais - Cistiú na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO)

| | 2014<br>€'000 | 2013<br>€'000 |
|---|---|---|
| Iarnród Éireann | **117,366** | 127,029 |
| Bus Átha Cliath | **60,039** | 64,540 |
| Bus Éireann | **34,387** | 34,364 |
| Oibreoirí Eile | **176** | 41 |
| Athbhreithniú an Líonra | **7** | 39 |
| Margaíocht | **153** | 503 |
| Muirir Iniúchta | **86** | - |
| | **212,214** | 226,516 |

Tarraingítear cistiú na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí anuas faoi fhotheideal B7 Íocaíochtaí Soláthair Seirbhíse Poiblí.

# 1.3. Deontais an Oireachtais - scéimeanna iompair eile

Riarann an tÚdarás Náisiúnta Iompair líon scéimeanna eile thar ceann na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus na Roinne Coimirce Sóisialaí. Taispeántar cistiú deontais a fuarthas / atá infhaighte in 2014 thíos:

| | 2014 €'000 | 2013 €'000 |
|---|---|---|
| Cistiú na Scéime Inrochtaineachta | **2,280** | 1,467 |
| Cistiú an Deontais um Thrácht i gCathracha Réigiúnacha | **18,091** | 11,315 |
| Cistiú Iompair Thuaithe | **12,546** | 9,713 |
| Taisteal Níos Cliste | **543** | 338 |
| Scoileanna Glasa (Nóta 23) | **1,580** | 1,465 |
| Cistiú Scéim Réigiúnach na Rothar | **4,200** | - |
| | **39,240** | 24,298 |

Tarraingítear cistiú na Scéime Inrochtaineachta, an Deontais um Thrácht i gCathracha Réigiúnacha agus Scéim Réigiúnach na Rothar anuas faoi fhotheideal B8 Clár Infheistíochta Iompair Phoiblí.

Tarraingítear cistiú Iompair Thuaithe anuas faoi fhotheideal B7.2 Íocaíochtaí Soláthair Seirbhíse Poiblí na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus faoi fhotheideal A34 na Roinne Coimirce Sóisialaí.

Tarraingítear cistiú Taisteal Níos Cliste anuas faoi fhotheideal B6 Taisteal Níos Cliste agus Clár Laghdaithe Carbóin. Tarraingítear cistiú na Scoileanna Glasa faoi fhotheideal B7.3 Íocaíochtaí Soláthair Seirbhíse Poiblí.

## Cistiú Scéim Réigiúnach na Rothar

| | |
|---|---|
| Cistiú Scéim Réigiúnach na Rothar | **5,058** |
| Lúide aisíocaíocht CBL atá iníoctha leis an Roinn | **(858)** |
| An ghlansuim atá infhaighte | **4,200** |

In 2014, d'íoc an Roinn deontais €5 milliún leis an Údarás Náisiúnta Iompair maidir le Scéim Réigiúnach na Rothar. I ndiaidh cinnidh a rinne na Coimisinéirí Ioncaim in 2015 gurb ionann an scéim agus gníomhaíocht ar féidir CBL a ghearradh uirthi, tá aisíocaíocht CBL €0.8 milliún le híoc leis an ÚNI. Tá an tsuim seo iníoctha leis an Roinn Dá thoradh, thabhaigh an ÚNI don íocaíocht tríd an tsuim seo a fhritháireamh i leith Dheontais an Oireachtais.

# 2. Ioncam ó cheadúnú

| | 2014 €'000 | 2013 €'000 |
|---|---|---|
| Táillí ceadúnaithe tacsaithe | **3,873** | 3,604 |
| Ioncam ó fhorfheidhmiú tacsaithe | **63** | 42 |
| Athnuachaintí maidir le ceadúnú tiománaithe tacsaithe | **923** | 1,068 |
| Ioncam eile tacsaithe | **230** | 56 |
| Ioncam ceadúnaithe busanna | **43** | 103 |
| | **5,132** | 4,873 |

# 3. An Scéim um Thicéadú Comhtháite

| | 2014 €'000 | 2013 €'000 |
|---|---|---|
| ***Ioncam*** | | |
| Táillí rannpháirtithe | **5,745** | 5,246 |
| ***Caiteachas oibriúcháin*** | | |
| Costais oibriúcháin | **4,135** | 3,666 |
| Costais foirne | **974** | 983 |
| Cóiríocht | **66** | 89 |
| Árachas | **23** | 21 |
| Fógraíocht | **364** | 298 |
| Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáid | **79** | 43 |
| Táillí gairmithe | **54** | 115 |
| Ginearálta | **50** | 31 |
| ***Caiteachas iomlán oibriúcháin (*)*** | **5,745** | 5,246 |
| ***Ioncam lúide caiteachas oibriúcháin*** | **-** | - |
| ***Caiteachas breise*** | | |
| Dímheas (Nóta 13) | **6,058** | 5,576 |
| Costais forbartha táirgí | **-** | 46 |
| | **6,058** | 5,622 |
| ***Caiteachas iomlán oibriúcháin agus caiteachas breise*** | **11,803** | 10,868 |

* Athghearrtar caiteachas a thabhaítear i bhfeidhmiú na Scéime um Thicéadú Comhtháite ar na hoibreoirí iompair (rannpháirtithe).

Tá €3.279 milliún i ndáil le tionscadal an ITS san áireamh sna breiseanna le sócmhainní seasta (Nóta 13).

# 4. Ioncam Eile

| | 2014 €'000 | 2013 €'000 |
|---|---|---|
| Ioncam ilghnéitheach | **1** | - |
| Ús a fuarthas | **92** | 182 |
| Cistiú an AE | **146** | 56 |
| Ioncam ó tháillí a fuarthas ó oibreoir an PSO | **2** | 10 |
| Suibscríbhinní agus fruiliú Scéim Réigiúnach na Rothar | **24** | - |
| | **265** | 248 |

# 5. Caiteachas infheistíochta caipitil

| | **2014 €'000** | **2013 €'000** |
|---|---|---|
| Iarnród Éireann | **49,303** | 33,840 |
| Bainistíocht Tráchta agus Tionscadail Eile (Nóta 5.1) | **39,403** | 37,598 |
| An Ghníomhaireacht um Fháil Iarnróid | **43,596** | 23,550 |
| Bus Átha Cliath | **59,265** | 36,271 |
| Bus Éireann | **28,466** | 2,724 |
| Costais oifige Iompar 21 de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | **-** | 43 |
| Droichead Shráid Mhaoilbhríde | **4,307** | 5,465 |
| Tacaíocht Theicniúil | **2,991** | 2,926 |
| | **227,331** | 142,417 |

| ***Seo a leanas na mórthionscadail chaipitil a cistíodh agus a cuireadh san áireamh sa chaiteachas infheistíochta caipitil €227.3 milliún:*** | **€ m** | **€ m** | **€ m** | **€ m** |
|---|---|---|---|---|
| Líne Luas A1 Iarthar na Cathrach | | 0.10 | | 0.37 |
| Metro Thuaidh | | 0.74 | | 0.22 |
| Líne Luas Traschathrach | | 38.14 | | 12.74 |
| Athchóiriú Sócmhainne LUAS | | 2.68 | | - |
| Bus Gasta | | 4.34 | | 1.41 |
| Busanna nua Bhus Átha Cliath | | 55.68 | | 31.13 |
| Athchóiriú Bhus Átha Cliath | | 3.24 | | 3.50 |
| ***Bus Éireann*** | | | | |
| Busanna nua Bhus Éireann | 22.58 | | - | |
| Athchóiriú Bhus Éireann | 5.00 | | - | |
| Clár Foscadán Bhus Éireann | - | | 0.58 | |
| Clár Suiteála CCTV Bhus Éireann | 0.31 | | 0.26 | |
| Coinneáil Flít Bhus Éireann 2011 | 0.21 | | - | |
| Tionscadail Éagsúla Eile de chuid Bhus Éireann | 0.37 | 28.47 | - | 0.84 |
| ***Iarnród Éireann*** | | | | |
| Tromchothabháil Flít Iarnróid | 28.20 | | - | |
| Stoc Rollta Eile (Mórcheantar Bhaile Átha Cliath) | 3.34 | | 13.40 | |
| Athchomharthaíocht Lár na Cathrach | 5.12 | | 4.65 | |
| Líne Mhaigh Nuad - Crosairí Comhréidh a Bhaint | 4.23 | | 3.75 | |
| Uasghrádú Stáisiúin i Stáisiún Kent - Dearadh agus Pleanáil | - | | 0.51 | |
| Clár Faisnéise do Phaisinéirí | 2.77 | | 0.46 | |
| Tollán Pháirc an Fhionnuisce | 0.52 | | 0.05 | |
| Stáisiún an Phiarsaigh | 0.52 | | 0.22 | |
| Cianmhonatóireacht ar Dhálaí | 0.45 | | - | |
